



Plean Oidhreachta Contae Chill Dara 2019-2025

Plean Rannpháirtíochta ullmhaithe ag Fóram Oidhreachta Contae Chill Dara



Kildare County Council
Comhairle Contae Chill Dara



Buíochais

Ba mhaith le Comhairle Contae Chill Dara agus Fóram Oidhreachta Chill Dara aitheantas a thabhairt don tacaíocht a fuarthas ón gComhairle Oidhreachta agus an plean seo á n-ullmhú agus trína rannaíocaíocht maoinithe do phost an Oifigigh Oidhreachta agus do thionscadail a chur i grích faoin bPlean Oidhreachta ó 2005 i leith.



Kildare County Council
Comhairle Contae Chill Dara

Profáil: Pádraig Ó Lonargáin

Aistriúcháin: Pádraig Ó Lonargáin

Grianghraif: Déaglán dePaor, Bridget Loughlin, Eddie Dunne, Tony Keane

Le haghaidh tuilleadh eolais, déan teagmháil, le do thoil, leis An tOifigeach Oidhreachta, Comhairle Contae Chill Dara, Áras Chill Dara, Páirc Uí Dhubhuí, An Nás, Co. Chill Dara:
Guthán 045 980791:

Ríomhphost: heritageofficer@kildarecoco.ie

© Fóram Oidhreachta Contae Chill Dara

CLÁR NA N-ABHAR

	Buíochais	
	Réamhrá	2
1	Brollach	5
2	Comhthéacs - Náisiúnta agus Áitiúil	9
3	Prionsabail Treoracha	14
4	Plean Oidhreachta Chill Dara 2019-2025 á n-ullmhú	15
5	Measúnú Oiriúnach	16
6	Feidhmiú ar an bPlean	17
7	Ról Fóraim Oidhreachta Chill Dara	17
8	Maoiniú	17
9	Monatóireacht agus Measúnú	18
10	Teacht ar acmhainní agus saineolas	18
11	Giorrúcháin a úsáidtear sa phlean seo	19
12	An Plean: Aidhmeanna agus Gníomhartha Straitéiseacha	21

Aguisíní

Aguisín I	Ballraíocht Fóraim Oidhreachta Contae Chill Dara agus Grúpaí Oibre	32
Aguisín II	Próiseas Forbartha an Phlean Oidhreachta	35
Aguisín III	Aighneachtaí a fuarthas roimh dréachta	36
Aguisín IV	Gaiscí roghnaithe ón bPlean Oidhreachta 2005-2018	36
Aguisín V	Reachtaíocht Oidhreachta Ábhartha	38

Réamhrá



Bailíonn Fóram Oidhreacht Contae Chill Dara le chéile na príomh-grúpaí go bhfuil suim acu in oidhreacht Chill Dara a chosaint. Cuirfear na h-aidhmeanna agus na gníomhartha a leagtar síos sa phlean i gcrích ag an bhFóram, le tacaíocht ón gComhairle Oidhreacht agus ó Chomhairle Contae Chill Dara, thar na sé bliana amach romhainn.

Thar cionn Comhairle Contae Chill Dara, tá áthas orm bheith i gcomhcheangal le foilsíú an dara plean oidhreacht don chontae, a ritheann ó 2019 go 2025.

Tá saibhreas oidhreacht i gContae Chill Dara, agus raon maith de uathúil, mar An Currach, Eanach Bhaile an Pholardaigh, Teach an Chartúin i Maigh Nuad agus Ardchros Mhaoine. Tá níos mó ná foirgnimh, aibhneacha, crainn, tírdhreach agus ionaid seandálaíochta amháin san oidhreacht. Baineann sí leis an comhchaidreamh idir na míreanna seo go léir agus a gcomhchaidreamh leis an bpobal. Is í an oidhreacht a thugann uathúlacht do cheantar, a thugann carachtar dá chuid féin dó agus a léiríonn a “mórtas ceantair”.

Tá roinnt de ghnéithe oidhreacht Chill Dara tábhachtach ina gceantair féin, agus cuid acu le tábhacht náisiúnta nó idirnáisiúnta, agus iad faoi chosaint ag reachtaíocht. Cibé tábhacht bunúsach a bhaineann leo, cuireann gach gné oidhreacht le caighdeán na beatha do gach éinne a chónaíonn i gContae Chill Dara, nó go bhfuil baint acu léi. Cuireann an plean seo, a forbraíodh ag Fóram Oidhreacht

Contae Chill Dara tar éis comhairliúcháin poiblí leathan, straitéis soiléir i bhfeidhm le haghaidh bainistíocht oidhreacht sa chontae don todhchaí, agus cuirfidh sé le rath an phlean a d’imigh roimhe.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le baill an Fóraim Oidhreacht as ucht a ndian-saothair agus a ndúthracht agus an plean seo a n-ullmhú. Braitheann feidhmiú an phlean seo ar na geallsealbhoirí go léir bheith ag obair i bpáirtíocht lena chéile chun comh-aidhm a bhaint amach, chun oidhreacht tógtha, nádúrtha agus cultúrtha an chontae a aithint, a leasú agus a chaomhnú.

Sa chontae seo tá mórán daoine aonair agus grúpaí atá tiomnaithe do chúram agus bainistíocht a dhéanamh ar ár n-oidhreacht. Tugann an plean seo faoi tacú agus comh-ordú a dhéanamh ar saothair na ndaoine seo. Guím gach rath an an Plean Oidhreacht agus tá mé ag súil le feidhmiú gníomhartha an phlean seo a fheiceáil.

An Comhairleoir Suzanne Doyle,
Cathaoirleach Chomhairle Contae Chill Dara



Is cúis bróid dom an Plean Oidhreacht seo do Chontae Chill Dara, a rithfidh ó 2019 go 2025, a thabhairt anuas. Tugann oidhreacht Chill Dara ionchur uathúil, ní amháin d’ár mothú ionannais agus d’ár mórtas ceantair, ach do saol eacnamaíoch an chontae.

I gCill Dara tá raon leathan d’oidhreacht nádúrtha, tógtha, cultúrtha agus seandálaíochta, agus ba cheart dúinn bheith bródúil as. Thar na blianta tá mórán athraithe tagtha go Chill Dara, agus tá an dúshlán ann i gcónaí cothromaíocht a choimeád idir forbairt an chontae agus dúil chun ár stoc oidhreacht a chosaint agus a fheabhsú.

Léiríonn forbairt an phlean seo, an dara Plean Oidhreacht do Chontae Chill Dara, an tiomantas leanúnach d’oidhreacht ag feidhmeannas agus baill tofa Chomhairle Contae Chill Dara. Tá sé mar aidhm ag an bPlean Oidhreacht “luach agus deis acmhainne uathúil oidhreacht Chill Dara a aithint, agus í a bhainistiú, a chaomhnú agus a chosaint, i bpáirtíocht, don ghlúin seo agus do na glúnta amach romhainn”.

Tugann an plean seo, dréachtaithe ag Fóram Oidhreacht Contae Chill Dara i gcomhairliúcháin le baill tofa Chomhairle Contae Chill Dara, grúpaí oidhreacht agus daoine aonair agus eagrais áitiúla agus náisiúnta, creatlach straitéiseach le haghaidh bainistíocht Oidhreacht sa Chontae, trí aidhmeanna agus gníomhartha chun ár n-oidhreacht a chaomhnú agus a chosaint thar na bliana amach romhainn a leagan síos.

Le tacaíocht agus díogras ó Fóram Oidhreacht Contae Chill Dara agus na mórán grúpaí pobail agus oidhreacht thar an chontae, leanfaidh an plean seo leis an saothar a tosnaíodh sa phlean a d’imigh roimhe, agus cuirfidh sé le slí nuálach chun ár n-oidhreacht tógtha, nádúrtha agus cultúrtha a bhainistiú agus a chaomhnú.

Ba cheart aitheantas faoi leith a thabhairt do thiomantas na mball uilig de Fóram Oidhreachta Contae Chill Dara, agus don páirtíocht leanúnach ón gComhairle Oidhreachta trí tacaíocht agus forbairt a thabhairt do Phlean Oidhreachta Chill Dara.

Glacaim leis an deis seo chun rath mór a ghuí ar Fhóram Oidhreachta Contae Chill Dara agus ar fheidmhiú an phlean.

Peter Carey,

Príomh-Fheidhmeannach Chomhairle Contae Chill Dara



Mar Chathaoirleach ar Fhóram Oidhreachta Contae Chill Dara, is cúis bróid dom baint a bheith agam leis an dara Plean Oidhreachta do Chontae Chill Dara. Ta sár-obair déanta ó bhunú an chéad Fóram Oidhreachta Contae Chill

Dara i 2003. Tagann an Plean Oidhreachta seo do Chontae Chill Dara ó próiseas leis an pobal mór, grúpaí oidhreachta, pobal na feirme, earnálacha ghnó agus stáit agus foireann proisisiúnta agus baill tofa Chomhairle Contae Chill Dara páirteach ann.

Bailíonn Fóram Oidhreachta Contae Chill Dara le chéile na príomh-grúpaí go bhfuil suim acu in oidhrecht Chill Dara a chosaint. Cuifear na h-aidhmeanna agus na gníomhartha a leagtar síos sa phlean i gcrích ag an bhFóram, le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta agus ó Chomhairle Contae Chill Dara, thar na sé bliana amach romhainn.

Is doiciméad oibre é Plean Oidhreachra Contae Chill Dara, agus cuireann sé creatlach straitéiseach ar fáil chun oidhrecht tógtha, nádúrtha agus cultúrtha Chill Dara a imeascadh i bpolasaí foriomlán le haghaidh forbairt ár gcontae as seo amach. Cuireann foilsíú an phlean críoch le proseas comhairliúcháin poiblí leathan, agus mar Chathaoirleach ar Fhóram Oidhreachta Contae Chill Dara, ta súil agam go gcuirfidh sé le tuiscint agus bród maidir le h-oidhrecht uathúil Contae Chill Dara. Ba nraith liom buíochas a ghabháil le gach éinne a chuir isteach aigneacht ar an bplean don bhFóram, le baill an fhórait as ucht a dtiomantas chun an plean seo a thabhairt chun críche, le iar-bhaill den bhFóram as ucht a sár-oibre agus a n-ionchur d'fhorbairt an phlean, agus go h-áirithe don iar-Chomhairleoir Teresa Murray.

Go h-áirithe, thar cionn Fóram Oidhreachta Contae Chill Dara, ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don tacaíocht a fuarthas ó Bridget Loughlin, Oifigeach Oidhreachta Chomhairle Contae Chill Dara, agus a treorú agus spreagadh dúinn agus an saothar seo idir lámhe againn.

An Comhairleoir Noel Heavey,

Cathaoirleach Fórait Oidhreachta Contae Chill Dara







Brollach

Ta sé mar aidhm ag Plean Oidhreachta Contae Chill Dara:

“Go n-aithneoidh gach éinne luach agus deis acmhainne uathúil oidhreachta Chill Dara, agus í a bhainistiú, a chaomhnú agus a chosaint, i bpáirtíocht, don ghlúin seo agus do na glúnta amach romhainn”

*Sa Phlean Oidhreachta Náisiúnta,
a foilsíodh i 2002, athnaítear go bhfuil
oidhreacht comhchoiteann agus go bhfuil
gach éinne freagrach as í a chosaint.*





Sa Phlean Oidhreachta Náisiúnta, a foilsíodh i 2002, athnaítear go bhfuil oidhreacht comhchoiteann agus go bhfuil gach éinne freagrach as í a chosaint. Deirtear sa Phlean seo “gur cheart go dtosnóidh cosaint na h-oidhreachta ag leibhéal áitiúil, ionas gur feidir le gach éinne páirt gníomhach a ghlacadh i ngach rud gur linn é a chaomhnú agus a fheabhsú”. Tá sé mar phríomh-ghníomh sa Phlean Oidhreachta Náisiúnta socrú a dhéanamh le haghaidh oidhreachta ag an leibhéal áitiúil trí Pleananna Oidhreachta Contae a ullmhú agus glacadh leo. Is é seo an dara Plean Oidhreachta do Chontae Chill Dara, agus baineann sé leis an tréimhse 2019-2025.

Ta sé mar aidhm ag Plean Oidhreachta Contae Chill Dara:

“Go n-aithneoidh gach éinne luach agus deis acmhainne uathúil oidhreachta Chill Dara, agus í a bhainistiú, a chaomhnú agus a chosaint, i bpáirtíocht, don ghlúin seo agus do na glúnta amach romhainn”

Tugann Plean Oidhreachta Contae Chill Dara 2019-2025 deis chun tógáil agus daingniú a dhéanamh ar an dul chun cinn agus na gaiscí a rinneadh tríd an chéad Plean Oidhreachta Contae a chur i bhfeidhm. Tá cur síos ar roinnt de gaiscí an Phlean Oidhreachta roimhe in Aguisín IV.

Tiomnaíonn an plean nua seo do leanúint le bheith ag obair leis an bpobal agus le geallsealbhóirí éagsúla chun feasacht, tuiscint agus breithiúnas maidir le acmhainní oidhreachta nádúrtha agus cultúrtha Chill Dara a fheabhsú. Tá cur chuige straitéiseach ann le haghaidh bainistíocht oidhreachta i gCill Dara. Is deis é ceisteanna agus riachtanais oidhreachta a aithint ag leibhéal an chontae agus plé leo go h-áitiúil, taobh istigh de chreatlach réigiúnach agus náisiúnta, buntacaithe ag polasaithe oidhreachta náisiúnta agus áitiúil araon.

D’ullmhaigh Fóram Oidhreachta Contae Chill Dara, coiste rannphairtíochta bunaithe ag Comhairle Contae Chill Dara, an Plean Oidhreachta, i gcomhairliúcháin leis an bpobal áitiúil agus le eagraíochtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta le suim agus sainchúram acu maidir le oidhreachta Contae Chill Dara, agus le éascú ó Oifigeach Oidhreachta an Contae.

Cuimsíonn Fóram Oidhreachta Contae Chill Dara baill tofa, oifigigh comhairle agus ionadaithe ó eagrais stáit, grúpaí pobail forbartha áitiúla agus earnálacha feirme, oideachais agus ghnó agus grúpaí oidhreachta áitiúla.

Agus an Plean Oidhreachta seo á n-ullmhú, tógann an Fóram treoir ón Acht Oidhreachta (1995), ina n-ainmnítear mar oidhreacht séadchomharthaí, ábhair seandálaíochta, ábhair oidhreachta, oidhreachta ailtireachta, flora, fána, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, geolaíocht, gairdíní agus páirceannaoidhreachta agus uiscebhealaí intíre. Chomh maith le seo, déanann Plean Oidhreachta Chill Dara socraithe maidir le gnéithe eile d’oidhreachtaí cultúrtha mar stair, ginealas, scileanna traidisiúnta, logainmneacha agus béaloideas.





Comhthéacs Polasaí

Cuirfidh Oidhreacht Éireann 2030 creatlach ar bun chun oidhreacht a thuiscint agus sult a bhaint aisti don deich mbliana amach romhainn faoi trí théama – “Ceannaireacht Náisiúnta agus Oidhreacht”

Comhthéacs Polasaí

Polasaí Náisiúnta agus Réigiúnach

Is iad seo leanas doiciméid polasaí straitéiseacha go raibh tionchar acu ar ullmhú an Phlean Oidhreachta.

Tionscadal Éireann 2040- Creatlach Pleanála Náisiúnta (CPN):

Is plean straitéiseach ard-leibhéal an CPN chun fás agus forbairt na tíre a múnú sa todhchaí suas go 2040.

Is creatlach í chun infheistiú poiblí agus príobháideach a threorú, chun deiseanna a chruthú agus a chur chun cinn, agus chun an timpeallacht a chosaint agus a fheabhsú.

Taobh istigh den CPN, aithníodh Fónais Feabhsaithe agus Oidhreacht mar Thoradh Straitéiseach Náisiúnta, agus aithníodh é mar Thosaíocht Infheistithe Straitéiseach.

Straitéis Spásúil agus Eacnamaíoch Réigiúnach (SSER)

- Oirthear agus Lár Tíre: Is plean straitéiseach é SSER a aithníonn áiseanna, deiseanna agus brúanna réigiúnacha agus a sholáthraíonn freagraí polasaí cuí mar Spriocanna Polasaí Réigiúnacha (SPR). Tugann roinnt de na SPR sa SSER faoi cheisteanna oidhreachta tógtha agus nádúrtha.

An Plean Oidhreachta Náisiúnta: Glacadh le plean oidhreachta áitiúil a ullmhú agus fóram oidhreachta áitiúil a chur i gcrích mar pholasaí Rialtais sa Phlean Oidhreachta Náisiúnta (PON) de 2002. Ina dhiadh sin, d'fhoilsigh an Comhairle Oidhreachta treoirínte maidir le Pleananna Oidhreachta Áitiúla a ullmhú i 2003. Cuireadh Plean Oidhreachta Chill Dara i láthair de réir na treoirínte sin.

Oidhreacht Éireann 2030: I Mí Shamhna 2018, d'fhógraigh An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta tréimhse comhairliúcháin poiblí faoin Plean Oidhreachta náisiúnta nua – Oidhreacht Éireann 2030. Cuirfidh Oidhreacht Éireann 2030 creatlach ar bun chun oidhreacht a thuiscint agus sult a bhaint aisti don deich mbliana amach romhainn faoi trí théama – “Ceannaireacht Náisiúnta agus Oidhreacht”, “Páirtíochtaí Oidhreachta” agus “Pobail agus Oidhreacht”. Léirítear sraith de dréacht-aidhmeanna faoi gach téama acu i ndoiciméad comhairliúcháin Oidhreacht Éireann 2030.

Cultúr 2025 & Éire Ildánach: D'fhoilsigh an Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta Cultúr 2025 - Éire Ildánach: Polasaí Creatlaigh go 2025 i 2016. Tá sé mar aidhm ag an polasaí seo cultúr a chur ag croílár ár saoil agus dul chun cinn níos chomhoibríoch a fhorbairt thar gach earnáil. Mar thaca don pholasaí seo tá tiomantas chun áiseanna d'ealaíona agus oidhreacht a mhéadú agus feabhas a chur ar struchtúir maoinithe le haghaidh infheistiú i seirbhísí náisiúnta agus áitiúla. I measc na tosaíochtaí tá uasdhátú a dhéanamh ar an bPlean Oidhreachta Náisiúnta agus gníomhartha tosaíochta sa réimse oidhreachta a shainaithint. Tagann tacaíocht don pholasaí Cultúr 2025 ón gcóras feidhmithe Clár Éire Ildánach 2017-2022, a thiomnaíonn do méadú in infheistíocht in ealaíona agus oidhreacht, comh-oibriú a chur chun cinn agus Plean Cultúrtha agus Cruthaíochta a chur i bhfeidhm ag an bhFoireann Culrútha i ngach údarás áitiúil. Tá sé mar aidhm ag Plean Cultúrtha agus Cruthaíochta Contae Chill Dara éascíocht a thabhairt do rannpháirtíocht pobail níos mó in oidhreacht, cultúr agus cruthaíocht, agus comh-oibriú ealaíonta agus cultúrtha ildisciplíneach a fhorbairt.

Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta (PGNB) 2017-2021:

Léiríonn an Plean na h-aidhmeanna, spriocanna agus gníomhartha a bheidh idir lámhe ag raon leathan d'eagraíochtaí rialtais, an tsochaí siabhiolta agus an earnáil príobháideach chun 'Fís don Bithéagsúlacht' na hÉireann a thabhairt chun críche, agus leanann sé ar aghaidh ón gcéad agus ón dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta. Tugann an PGNB creatlach chun dul chun cinn chuig Fís don Bithéagsúlacht Éireann a rianú agus a mheasúnú thar amfráma sé bliana.

Plean Uile-Éireann um Pailneoirí 2015-2020: Sa Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí de 2015 tá cur chuige nua chun tabhairt faoin laghdú i ngnéithe pailneoirí agus chun seirbhísí pailneoirí ar oileán na hÉireann a chosaint. Is straitéis tras-gníomhaireachta agus tras-roinne é an Plean, a leagann síos céimeanna chun cailliúintí pailneoirí a fhreaschur agus chun líonta a athbhunú go leibhéal sláintiúla thar tréimhse cúig bliana. Tugann na treoirínte earnála comhlachaithe a sholáthraítear tríd an Plean um Pailneoirí áis luachmhar chun comh-oibriú a chur chun cinn i gCill Dara agus chun cabhrú le gníomhartha gaolmhara a thabhairt chun críche i bPlean Oidhreachta Chill Dara 2019-2025.

Pleananna earnála na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta le haghaidh Oiriúnú Athraithe Aeráide:

Tá pleananna earnála le haghaidh Oiriúnú Athraithe Aeráide á n-ullmhú ag an Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta le haghaidh Oidhreacht Tógtha agus Seandálaíochta agus Bithéagsúlachta. Beidh gníomhartha oiriúnaithe athraithe aeráide sa phleananna seo, ar mhaithe leis an oidhreacht, lena chur i bhfeidhm ag údaráis áitiúla agus an pobal i gcoitinne.

Plean Feidhmithe Náisiúnta do Spriocanna

Forbartha Inbhuanaithe 2018-2020: I 2015, ghlac na Náisiúin Aontaithe leis an Clár Oibre le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe 2030 agus lena 17 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI).

Cé nach ndéanann ceann ar bith de na 17 SFI trácht díreach ar chultúr nó oidhrecht, déanann roinnt de na spriocanna agus aidhmeanna tagairt díreach do chultúr agus oidhrecht. Tá tagairt díreach i SFI 11 do chathracha, go h-áirithe don riachtanas go mbeadh cathracha agus lonnaíochtaí daonna “ionchuimsitheach, sábháilte, seasmhach agus inbhuanaithe” trí “uirbiú, pleanáil agus bainistíocht atá ionchuimsitheach agus inbhuanaithe” (Sprioc 11.3), agus tuilleadh “iarrachtaí chun oidhrecht cultúrtha agus nádúrtha an domhain a chosaint agus a chumhdaigh” (Sprioc 11.4).

Tá spriocanna agus bearta le haghaidh éiceachórais, tírdhreacha agus oidhrecht cultúrtha a chosaint leagtha síos ag na SFI, mar SFI Sprioc 11.4, atá mar cuspóir uileghabhálach don oidhrecht:

“Neartú a dhéanamh ar iarrachtaí chun oidhrecht cultúrtha agus nádúrtha an domhain a chosaint agus a chumhdaigh”

Is freagra díreach é an Plean Feidhmithe Náisiúnta do Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2018-2020 don Clár Oibre le haghaidh Forbairt Inbhuanaithe 2030, agus cuireann sé i bhfeidhm cur chuige lán-rialtais chun na 17 Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe (SFI) a thabhairt chun críche.

Uiscí agus Pobail: Tá bunú Oifigí Uiscí agus Pobail na n-Údarás Áitiúla (OUPÚÁ) i 2016 ina chur chuige nua chun rannpháirtíocht poiblí i mbainistíocht ár n-uiscí nádúrtha agus an Chreat-Treoir Uisce a thabhairt chun críche. Aithníonn sé luach chomhpháirtíochtaí áitiúla i mbainistíocht aibhneacha, lochanna nó uiscí cósta áitiúla, agus solathraíonn sé comhairle ar cheisteanna teicniúla agus deiseanna maoinithe le haghaidh tionscadail pobail. Tá an-phoitéinseal do thionscadail mar seo chun feabhsú a dhéanamh ar chaighdeán uisce, luach gnáthóige, agus úsáid áineasa a bhaint as uiscí Chill Dara, agus aithnítear seo mar ghníomh i bPlean Oidhreachta Chill Dara 2019-2025.

An Straitéis Náisiúnta um Thailte Móna 2015-2025:

D’fhoilsigh An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an straitéis seo, ullmhaithe i gcomhairliúcháin le Ranna

Rialtais, eagraíochtaí agus comhlachtaí leath-stáit cuí, i 2015. D’éirigh an straitéis as an riachtanas chun chur chuige leathan straitéiseach le haghaidh bainistiú tailte móna na hÉireann sa todhchaí a chur i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm aige creatlach fad-théarma a bhunú chun go ndéanfar bainistiú freagrach ar na tailte móna uilig taobh istigh den Stáit, chun a n-ionchur soisialta, timpeallachta agus eacnamaíoch don ghlúin seo agus do na glúnta amach romhainn a bharrfeabhsú.





Polasaí Áitiúil

Plean Oidhreachta Contae Chill Dara 2005-2018:

Rith an chéad Plean Oidhreachta Contae Chill Dara riamh ó 2005 go 2010, agus síneadh é go 2018 chun príomhghníomhartha a thabhairt chun críche. D'éascaigh an plean seo, i dteannta le bunú Fóram Oidhreachta Contae Chill Dara, cur chuige nua le haghaidh bainistíochta oidhreachta agus comhairlúchán sa chontae. Leagann an Plean síos straitéis chun oidhrecht a chosaint agus a chur chun cinn sa chontae, agus léiríonn sé gníomhartha chun teacht ar cheithre príomh-aidhmeanna an Phlean. Is iad seo na h-aidhmeanna:

- faisnéis oidhreachta a bhailiú agus a scaipeadh,
- feasacht a spreagadh,
- dea-chleachtas a chur chun cinn, agus
- feasacht a chur ar polasaithe.

Tá dhá ceann agus seachtó de cúig agus ochtó (85%) de ghníomhartha an Phlean tar éis tabhairt chun críche, nó inchorpraithe i ngníomhartha leanúnacha. Mar a léirítear thuas, tá cur síos ar roinnt de gaiscí an Phlean Oidhreachta in Aguisín IV.

Tugann an Dréacht-Phlean Oidhreachta seo do Contae Chill Dara faoi cur le gaiscí an Phlean roimhe agus aithníonn sé tosaíochtaí don Oidhrecht i gContae Chill Dara thar na 6 bliain amach romhainn, le athraithe ag leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta ó fhoilsiú pleananna roimhe san áireamh.

Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta**Contae Chill Dara 2009-2014**

Leagann Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Contae Chill Dara síos roinnt gníomhartha faoi cheithre príomh-aidhmeanna. Taispeánann forbairt agus gníomhú Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Contae Chill Dara an tabhacht a bhaineann leis an ghné seo d'ár n-oidhreacht i gCill Dara. Tá an Plean Oidhreachta tiomanta do thacú le feidhmiú gníomhartha Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Contae Chill Dara, agus d'aon athbhreithniú nó uasdhatú a dhéanfar ar Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Contae Chill Dara.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go gcuireann an Plean Oidhreachta chun cinn dul ar aghaidh lán-comhtháite a chuimsíonn oidhreacht tógtha agus nádúrtha go cothrom, agus taispeántar seo i ngníomhartha an Phlean, a chomhlánann an Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta.

Plean Forbartha Contae Chill Dara 2017-2023

Leagann Plean Forbartha Contae Chill Dara 2017-2023 (PFC) síos an creatlach reachtúil le haghaidh pleanála d'úsáid talún agus forbairt inbhuanaithe i gContae Chill Dara. Tá an Plean Oidhreachta suite taobh istigh de chreatlach polasaí an PFC agus tá sé mar aidhm ann ról an PFC agus pleananna eile a bhaineann le úsáid talún a chothú agus a neartú, trí faisnéis bunlíne a chur ar fáil do pholasaithe maidir le oidhreacht a chosaint, a chaomhnú, a bhainistiú agus a chur chun cinn.

Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil Chill Dara 2016-2021

Is plean sé-bliana Plean Eacnamaíoch agus Pobail Áitiúil Chill Dara (PEPÁ), ullmhaithe ag an Coiste Forbartha Pobail Áitiúil (CFPÁ) i bpáirtíocht le Comhairle Contae Chill Dara.

Tá aidhmeanna agus gníomhartha ann chun forbairt eacnamaíoch, áitiúil agus pobail Contae Chill Dara a chur chun cinn agus a chothú. Beidh an PEPÁ mar chreatlach sraitéiseach le haghaidh gach clár forbartha áitiúil, eacnamaíoch agus pobail atá faoi maoiniú poiblí. Déanann oidhreacht ionchur suntasach do chaighdeán beatha agus folláine, agus tá ról aici i bpobail a neartú, agus déanann sí ionchur d'fhorbairt socheacnamaíoch Contae Chill Dara.

Straitéis Oiriúinithe Athraithe Aeráide Chomhairle Contae Chill Dara, 2019

Tá Straitéis Oiriúinithe Aeráide Chomhairle Contae Chill Dara mar chuid de straitéis náisiúnta na hÉireann le haghaidh oiriúiniú aeráide, mar a leagtar amach sa Chreatlach Náisiúnta Oiriúinithe (CNO), curtha i láthair de réir forálacha an Achta um Gníomhú ar son na h-Aeráide agus forbairt ar Bheagán Carbóin, 2015.

Tá sé mar thasc aige oiriúiniú athraithe aeráide a phríomhsruthú thar ama i ngach gníomh, oibríocht agus seirbhís den údarás áitiúil. Féachann sé chun na pleananna agus na polasaithe atá ann faoi láthair, á chur ar fáil agus á chur i bhfeidhm ag an údarás áitiúil a phrofáil ó thaobh aeráide de. Cinntíonn seo go bhfuil cur chuige atá cíortha, comhsheasmhach agus soiléir, chun ligint dúinn aghaidh díreach a thabhairt ar na dúshláin a éiríonn ó aeráid ag athrú, agus chun athléimneacht a chothú taobh istigh d'eagraíocht an údarás áitiúil, agus thar gach pobal.

Ós rud é gurb í Comhairle Contae Chill Dara an leibhéal rialtais is gaire do phobail aitiúla agus do ghnóthais, agus gurb í an chéad fhreagróir i mórán éagandalai, tá sí lonnaithe go h-uathúil chun fíor-athraithe dearfacha a thabhairt chun críche maidir leis an aidhm náisiúnta chun athrú go todhchaí

atá seasmhach ó thaobh na h-aeráide, agus ar bheagán carbóin, a bhaint amach.

Glacann Straitéis Oiriúinithe Aeráide an údarás áitiúil le ról mar phríomh-gníomhaire ag an leibhéal áitiúil chun:

- cinntiú go mbeidh eolas cuimsitheach ar na príomh-rioscaí agus leocháilleachtaí a bhaineann le athraithe aeráide;
- feidhmiú gníomhartha seasmhacha ó thaobh na h-aeráide a thabhairt chun cinn i slí pleanáilte agus onghníomhach;
- féachaint chuige go mbeidh léirmheasanna faoi oiriúniú aeráide sa phríomhsruth i ngach plean agus polasaí, agus go n-imeascfar iad i ngníomhartha agus feidhmithe uile an údarás áitiúil.

Freastalann an straitéis oiriúinithe seo ar Chomhairle Contae Chill Dara ina dhá cáilíocht; is iad san:

- Mar eagraíocht le oibligeáid do chustaiméirí, le fócas ar éifeachtacht i ngnó, le eifeachtúlachtaí a fheabhsú agus leas foirne a chothabháil;
- I seirbhísí agus feidmithe a sholáthar thar réimse riaracháin agus geografach Contae Chill Dara.

De réir forálacha an Achta um Gníomhú ar son na h-Aeráide agus forbairt ar Bheagán Carbóin, 2015, ghlac baill Chomhairle Contae Chill Dara leis an straitéis oiriúinithe. Rinneadh an straitéis a mheas tríd an próiseas reachtúil Measúnaithe Straitéiseach Timpeallachta. Sa straitéis seo tá roinnt gníomhartha a dhéanann iarracht tabhairt faoi tionchar athraithe aeráide ar oidhreacht tógtha agus nádúrtha.



Prionsabail Treoracha

Cuireann prionsabail éagsúla taca faoin Plean Oidhreachta, agus coimeádfar in aigne iad ag gach céim dá fheidhmiú. Tá Fóram Oidhreachta an Contae á threorú ag bunluachanna a chuireann taca faoi gach gníomh de Chomhairle Contae Chill Dara, mar a leagtar síos i bPlean Corparáideach Chomhairle Contae Chill Dara 2015-2019; is iad san:

- daonlathas áitiúil;
- seirbhís do chustaiméirí;
- inbhuanaitheacht;
- ionchuimsiú sóisialta;
- forbairt pobail;
- éifeachtúlacht agus freagracht

Tá Fóram Oidhreachta Contae Chill Dara tiomanta do chur chuige comhtháite oidhreachta (tógtha agus nádúrtha) agus gníomhartha sa Phlean Oidhreachta á fheidhmiú. Cinntóidh seo go mbeid uasmhéadú ar na buntáistí don oidhrecht as gníomhartha a cuirtear i bhfeidhm agus nach mbeidh aon glandochar d'acmhainn oidhreachta Chill Dara. Mar shampla, beidh ar gníomhartha le mór-fócas ar seandálaíocht aon buntáistí no tionchair ar bithéagsúlacht nó gnéithe oidhreachta eile a chur san áireamh, agus a mhalairt.

Rinneadh tagairt do na prionsabail seo i gcónaí agus an Plean Oidhreachta á n-ullmhú:

Pobal: - Tré feidhmiú a dhéanamh ar an Plean Oidhrecht, déanfaidh Fóram Oidhreachta Chill Dara a dhícheall acmhainn an pobail a fhorbairt chun dul i ngleic le, agus bheith páirteach i, tionscnaíochtaí oidhreachta thar an contae.

Cur Chuige Idir-ghlúine: Forbróidh an Fóram Oidhreachta cur chuige idir-ghlúine agus na tionscadail agus na tionscnaíochtaí á sholáthar, agus féacfaidh sé chuig faisnéis agus traidisiúin oidhreachta uatháil an contae a thabhairt do na glúnta amach romhainn.

Oibriú i bPáirtíocht: Creideann an Fóram Oidhreachta sa mhódh páirtíochta d'oibriú le na h-earnálacha poiblí/reachtúil, deonach agus príobháideach.

Oidhrecht mar Acmhainn: Sa phlean seo breathnaítear ar an oidhrecht mar acmhainn bunuasach agus luachmhar as féin. Ceapann an Fóram Oidhreachta freisin go bhfuil póiteinseal straitéiseach eacnamaíoch ag acmhainn oidhreachta Chill Dara, agus gur féidir leas a bhaint aisti le macnamh cúramach ar fhorbairt inbhuanaithe tomhaiste.

Gaeilge agus Teangacha eile: Déanfaidh an Fóram Oidhreachta a dhícheall chun Gaeilge a chur chun cinn mar chuid dár n-oidhrecht agus cultúr uathúil Éireannach agus an plean a sholáthar. Cuirfear ábhar oidhreachta bolscaireachta, scríofa agus leictreonach, ar fáil i raon de theangacha eile, chun turasóirí agus náisiúnaigh neamh-Éireannach, a thugann cuairt ar Contae Chill Dara nó a chónaíonn ann, a éascú.

Cuirfear prionsabail *forbartha inbhuanaithe, pleanála ceart agus, dea-cleachtais* i bhfeidhm i ngach gníomh ag an Fóram Oidhreachta. Géillfidh na gníomhartha a cuirtear i bhfeidhm le gach reachtaíocht pleanála agus oidhreachta ábhartha. Tá an Fóram Oidhreachta tiomanta do bhreithiúnas oidhreachta / measúnú riosca oidhreachta a dhéanamh le haghaidh gach gníomh a cuirtear i bhfeidhm agus an Plean á fhorfheidhmiú

Beidh prionsabail *ionchuimsithe sóisialta* san áireamh i gcónaí agus an Plean Oidhreachta á sholáthar. Go h-áirithe, déanfar gach iarracht cinntiú go léireoidh na gníomhartha go léir a déanfar mar chuid de sholáthair an phlean seo leasanna pobail éagsúla sóisialta agus cultúrtha an contae, agus go bhfuil rochtain ag daoine ar gach cumas orthu.

Tháinig an Coinbhinsiún um Rochtain ar Faisnéis, Páirtíocht Poiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheart i gCúrsaí Timpeallachta, le Coimisiún Eacnamaíoch Eorpach na Náisiún Aontaithe (CEENA), ar a dtugtar de ghnáth Coinbhinsiún Aarhus, i bhfeidhm i 2001, agus dhaingnigh Éire é i 2012. Leagann Coinbhinsiún Aarhus síos raon de bhun-rialacha chun páirtíocht poiblí i gcúrsaí timpeallachta a chur chun cinn. Tá 3 colún ag an gCoinbhinsiún: rochtain ar faisnéis timpeallachta, páirtíocht poiblí i gcinnteoireacht timpeallachta agus rochtain ar cheart i gcúrsaí timpeallachta. Leagann sé síos raon de bhun-rialacha chun páirtíocht saoránach i gcúrsaí timpeallachta a chur chun cinn, agus chun feabhas a chur ar dlí timpeallachta a fhorfheidhmiú. Coimeádfar prionsabail Coinbhinsiún Aarhus san áireamh i ngach gníomh den Fóram Oidhreachta.

Plean Oidhreachta Chill Dara 2019-2025 á n-ullmhú

Admhaíonn an Fóram Oidhreachta obair ó raon mór d’eagraíochtaí, daoine aonair agus gníomhaireachtaí ata idir lámhe cheana féin sa chontae. Féachann an Plean Oidhreachta le méadú a dhéanamh ar an obair seo tré béim a chur ar cheisteanna oidhreachta áitiúla agus le tuilleadh páirtíochta ó pobail áitiúla i gcúram a thabhairt dá n-oidhreacht áitiúil.



Plean Oidhreachta Chill Dara 2019-2025 á n-ullmhú

D'ullmhaigh Fóram Oidhreachta Contae Chill Dara an Plean Oidhreachta seo de réir *Treoirlínte le haghaidh Plean Oidhreachta Cathrach/Contae a Ullmhú*, 2003, leis an Comhairle Oidhreachta. Rinneadh athbhreithniú ar an Plean Oidhreachta roimhe i 2012, agus rinneadh moltaí a ionchorpraíodh i bhfeidhmiú and Phlean Oidhreachta nua seo. Athnuadh ballraíocht an Fóram Oidhreachta, le cuireadh tugtha d'eagraíochta nua bheith i láthair agus baill nua ag teacht ar bord ó na grúpaí ainmniúcháin éagsúla. (Féach ar Aguisín I le haghaidh liosta de bhaill an Fóram Oidhreachta). D'eagraigh an Fóram trí grúpa oibre: Grúpa Oibre Tógtha agus Seandálaíochta, Grúpa Oibre Oidhreachta Nádúrtha agus Bithéagsúlachta agus Grúpa Oibre Pobail agus Cultúrtha. Cuimsíonn ballraíocht na grúpaí oibre baill ón bhFóram agus daoine breise ábhartha le eolas agus saineolas cuí.

Tháinig an Fóram Oidhreachta le chéile agus aontaíodh próiseas ullmhaithe an phlean. Cuireadh doiciméad faisnéise agus ceistiúchán, mar aon le cuireadh poiblí chun aighneachtaí a dhéanamh don réamh-dreachtphlean, faoi bhráid an phobail. Tionóladh ceardlann do phroifisiúnaigh oidhreachta sa chontae.

Bailíodh aigheachtaí ón phobal agus ón gceardlann proifisiúnta le chéile i dtuarascáil aigheachtaí. Fuarthas sé aigheacht agus dathad san iomlán (Aguisín III). Athníodh roinnt téamaí agus ceisteanna leathan. Tá aird tugtha ag an Fóram Oidhreachta do na ceisteanna a aibhsíodh sna h-aigheachtaí seo, agus baineadh úsáid astu mar bhunabhar do dhíospóireachtaí a thug chun críche 4 aidhm straitéiseacha agus gníomhartha i nDreacht-Phlean Oidhreachta Contae Chill Dara (2019-2025). Tá coimre ar na príomh-céimeanna a tógadh agus an plean á n-ullmhú in Aguisín II.

Admhaíonn an Fóram Oidhreachta obair ó raon mór d'eagraíochtaí, daoine aonair agus gníomhaireachtaí ata idir lámhe cheana féin sa chontae. Féachann an Plean Oidhreachta le méadú a dhéanamh ar an obair seo tré béim a chur ar cheisteanna oidhreachta áitiúla agus le tuilleadh páirtíochta ó pobail áitiúla i gcúram a thabhairt dá n-oidhrecht áitiúil.

Measúnú Oiriúnach

De reir an Treoir maidir le Gnáthoga (Treoir na Comhairle 92/433EEC), mar a tógadh isteach i ndlí na hÉireann ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthoga Nádúrtha) 2011, caithfear scagadh a dhéanamh ar gach plean agus tionscnaimh le haghaidh tionchair suntasacha ionchasacha ar ionaid Natura 2000 (Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (LCS) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (LCS)).

Tugann scagadh faoi fáil amach an bhfuil gá le lán-Measúnú Oiriúnach faoi Alt 6 den Treoir, nó nach bhfuil.

Rinneadh scagadh ar an Plean Oidhreachta 2019-2025 agus tá na cinntí san áireamh sa Phlean. San iomlán, cinntíodh nach mbeadh aon droch-tionchar suntasach ag an plean ar ionaid Natura 2000 agus nach mbeadh gá le measúnú breise. Ta Fóram Oidhreachta Chill Dara tiomanta do riachtanais an Treoir maidir le Gnáthoga a chur i bhfeidhm, agus déanfar Scagadh Measúnaithe Oiriúnach ar an dreacht deireannach de Phlean Oidhreachta Chill Dara roimh do Chomhairle Contae Chill Dara breithniú a dhéanamh air agus glacadh leis. Déanfar scagadh freisin ar thionscadail aonair le haghaidh measúnú oiriúnach, de réir mar is cuí, le linn an Plean a fheidhmiú.

Feidhmiú ar an bPlean

Is plean oibre straitéiseach sé-bliana an Plean Oidhreachta, a cuirfear i bhfeidhm tré chlár oibre bliantiúil na h-Oifige Oidhreachta, á maoirsiú ag an bhFóram Oidhreachta agus á chomh-ordú ó lá go lá ag Oifigeach Oidhreachta Chomhairle Contae Chill Dara. Cé go bhfuil an Fóram Oidhreachta, Comhairle Contae Chill Dara agus An Comhairle Oidhreachta ina bpríomh-comhpháirtithe maidir le soláthar agus maoiniú an Phlean, tá feidhmiú rathúil an Phlean Oidhreachta ag brath ar rannpháirtíocht, tacaíocht agus páirteachas



gníomhach agus leanúnach ón bpobal mór i gCill Dara, lena n-áirítear grúpaí oidhreachta, eagraíochtaí, institiúidí tríú leibhéal agus daoine aonair. Bainfear leas as deiseanna chun comh-oibriú le páirtithe taobh istigh den chontae agus lasmuigh, chun an Plean a thabhairt chun críche, de réir mar is féidir. Dréachtfear plean oibre bliantiúil, bunaithe ar clár an phlean agus ar tosaíochtaí reatha oidhreachta ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Usáidfear seo chun iarratais a dhéanamh ar maoiniú ón gComhairle Oidhreachta agus ó fhoinsí eile. Cuirfear tuairisc faoi Ghníomhartha an Phlean Oidhreachta atá idir lámhe, agus ar an dul chun cinn ata déanta, faoi bhráid baill Chomhairle Contae Chill Dara, agus foilseofar ar suíomh gréasáin na Comhairle é, ag deireadh gach bliana.

Ról Fóraim Oidhreachta Contae Chill Dara

Is grúpa comhairleach neamh-reachtúil é an Fóram Oidhreachta, le ionadaithe ó comhlachtaí agus grúpaí go bhfuil baint acu le cúrsaí oidhreachta sa chontae, lena n-áirítear rialtas áitiúil, eagraíochtaí forbartha, gníomhaireachtaí stáit, úinéirí talún, eagraíochtaí oidhreachta agus earnála pobail agus deonacha. Tá an Fóram lárnach i bpróiseas an Phlean Oidhreachta maidir le feidhmiú



agus soláthar an Phlean. Ag cruinnithe an Fóraim tá deis luachmhar ag na baill chun ceisteanna a phlé, faisnéis, eolas agus acmhainní a roinnt agus comhpáirtíochtaí oibre a thógail. Bhí ról suntasach ag an bhFóram Oidhreachta i gcomh-ordú agus maoirseacht ar ghníomhartha an Phlean roimhe. Déanann Oifigeach Oidhreachta Contae Chill Dara comh-ordú ar an bhFóram, a chasann le chéile go ráithiúil. Cuireann an Fóram tuairisc ós comhair Coistí um Beartais Straitéiseacha na Comhairle um Pobail agus Cultúr agus um Pleanáil agus Forbairt Eacnamaíoch.

Maoiniú

Tá Comhairle Comhairle Contae Chill Dara tiomanta do soláthar an Phlean Oidhreachta, i gcomhpháirtíocht le daoine eile, thar sé bliain amach romhainn, de réir mar a bheidh acmhainní le fáil. Pléfidh an Comhairle maoiniú a chur ar fáil le haghaidh an Plean a sholáthar de réir an buiséid bliantiúil. Tacaíodh an Comhairle freisin le soláthar an Phlean tré obair a n-Oifigigh Oidhreachta agus baill foirne proifisiúnta eile. Gach bliain ullmhaítear clár oibre mionsonraithe

ó na gníomhartha sa Phlean, a chuirfear faoi bhráid na Comhairle Oidhreachta agus comhlachtaí maoinithe eile mar is cuí. D'aontaigh an Comhairle Oidhreachta, i bprionsabal, le glacadh leis gur iarratas maoinithe straitéiseach sé-bliana atá sa Phlean. Pléfidh an Comhairle Oidhreachta le gníomhartha maoinithe sa Phlean, i gcomhréir le gnáth-critéir maoinithe, atá comhoiriúnach lena n-aidhmeanna. Éascáítear soláthar an Phlean Oidhreachta le leithdháileadh maoinithe bliantiúil ón gComhairle Oidhreachta agus comh-maoiniú ó Chomhairle Contae Chill Dara. Braithfidh tiomantas na bpríomhpáirtithe do ghníomhartha sa Phlean a mhaoiniú den chuid is mó ar a leithdháiltí maoinithe agus ar a dtéarmaí tagartha.






Monatóireacht agus Measúnú

Léiríonn an Plean Oidhreachta raon de ghníomhartha lena thabhairt chun críche thar tréimhse sé bliain. Tabharfaidh an clár oibre bliaintiúil sonraí faoi na tionscadail le chur i bhfeidhm, agus na páirtithe atá freagrach as iad a sholáthar. Déanfaidh an Fóram monatóireacht ar an gclár oibre bliaintiúil, agus tiocfaidh na baill le chéile ceithre uair sa bhlian ar a laghad chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar dhul chun cinn. Maidir le seo, cuirfidh an Fóram tuairisc ós comhair Coistí um Beartais Straitéiseacha Chomhairle Chill Dara um Forbairt Pobail agus Cultúir agus um Pleanáil. Tionólfar grúpaí oibre de réir mar is gá chun gníomhartha éagsúla sa chlár oibre a chur i bhfeidhm. Eagrófar comhdhála agus léirithe ar bhonn leanúnach chun dul chun cinn ar an bPlean Oidhreachta 2019-2025 a mheasúnú.

Teacht ar acmahinní agus saineolas

Lorgófar saineolas profisiúnta mar is gá agus de réir mar a bhíonn acmahinní le fáil, chun gníomhartha an Phlean Oidhreachta a chur i bhfeidhm. Mar sin féin, ionas go n-imeascfar prionsabail caomhnaithe oidhreachta go h-iomlán i bhfeidmiú Chomhairle Contae Chill Dara ó lá go lá, ba cheart go gceapfar baill foirne láncháilithe i réimsí seandálaíochta pobail, cartlann agus bithéagsúlachta. Aithníonn an Fóram, áfach, gur ábhar oibríochta do Chomhairle Contae Chill Dara é soláthar na foireann seo, agus go mbraitheann sé ar na h-acmahinní atá ar fáil.



Giorrúcháin a úsáidtear sa Phlean seo

AMÉ	Ard-Mhúsaem na hÉireann
CCCD1¹	Comhairle Contae Chill Dara
CCPÉ	Comhairle Caomhnaithe Phortaigh na hÉireann
CCSS	Coiste Comhairleach um Séadchomharthaí Stairiúla
CFÉ	Cumann Feirmeoirí na hÉireann
CGCD	Coiste Gairmoideachais Chill Dara
CMÉ	Cumann Múinteoirí Éireann
CMÉ	Cumann Músaem na hÉireann
COBÁC	An Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath
FNOA	Fardal Náisiúnta na nOidhreachtaí Ailtireachta
GCC	An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Chomhshaoil
ICLÉ	Institiúid Ceanntáilaithe agus Luachálaithe na hÉireann
IRAÉ	Institiúid Ríoga Ailitrí na hÉireann
ITBÁC	Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath
LCDÉT	LEADER Chill Dara na hEorpa Teoranta
LCS	Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta
LCS	Limistéar faoi Chosaint Speisialta
LON	Limistéar Oidhreachta Náisiúnta
MTT	Measúnacht Tionchar Timpeallachta
OÉMN	Ollscoil na hÉireann Má Nuad
OOP	Oifig na nOibreacha Poiblí
RCOG	An Roinn Cúlúir, Oidhreachta agus Gaeltachta

¹ Baineann CCCD le na ránnóga uilig de Chomhairle Contae Chill Dara i.e. Bóithre, Comhshaoil, Uisce, Páirceanna, Pobal etc

Struchtúr faoi Chosaint

Struchtúr nó cuid sonraithe de struchtúr go bhfuil spéis faoi leith ailtireachta, stairiúil, seandálaíochta, ealaíona, cultúrtha, eolaíochta nó teicniúil ag baint leis.

TDC	Taifead ar Dhéanmhais Chosanta
TSI	Taifead Séadchomharthaí agus Ionaid
ÚBN	An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta





An Plean: Aidhmeanna agus Gníomhartha Straitéiseacha

Tá sé mar aidhm ag an bPlean Oidhreachta “luach agus deis acmhainne uathúil oidhreachta Chill Dara a aithint, agus í a bhainistiú, a chaomhnú agus a chosaint, i bpáirtíocht, don ghlúin seo agus do na glúnta amach romhainn”.

An Plean: Aidhmeanna agus Gníomhartha Straitéiseacha

Tá sé mar aidhm ag an bPlean Oidhreachta “luach agus deis acmhainne uathúil oidhreachta Chill Dara a aithint, agus í a bhainistiú, a chaomhnú agus a chosaint, i bpáirtíocht, don ghlúin seo agus do na glúnta amach romhainn”.

D’fhoirmligh na grúpaí oibre gníomhartha chun thabhairt faoi na ceisteanna éagsúla a d’éirigh sa phróiseas comhairliúcháin. Is féidir na gníomhartha seo a chur faoi cheithre aidhm straitéiseacha agus roinnt d’aidhmeanna fadtéarmacha. Tá na h-aidhmeanna fadtéarmacha taobh amuigh de scóip an Phlean Oidhreachta.



Aidhmeanna Straitéiseacha

Aidhm Straitéiseach 1:

Méadú a dhéanamh ar thuiscint faoi oidhreacht Chill Dara, tré feasacht, oideachas agus traenáil, agus maoirseacht ar agus páirtíocht in oidhreacht a spreagadh



Aidhm Straitéiseach 2:

Dea-chleachtas a chur chun cinn i gcaomhnú agus bainistíocht ar acmhainn oidhreachta Contae Chill Dara



Aidhm Straitéiseach 3:

Sonraí agus faisnéis oidhreachta a scaipeadh go slua mór, tabhairt faoi suirbhíthe/taighde, agus polasaí oidhreachta a chuireann oidhreacht chun cinn a chur ar an eolas agus a fhorbairt



Aidhm Straitéiseach 4:

Oidhreacht a chur chun cinn mar acmhainn a ghlacann páirt i gcaidhdeán na beatha agus i bhforbairt cultúrtha agus eacnamaíoch i gContae Chill Dara



Aidhmeanna fadtéarmacha

Tá na h-aidhmeanna seo taobh amuigh de scóip an Phlean Oidhreachta seo.



Gníomhartha

Aidhm Straitéiseach 1:

Méadú a dhéanamh ar thuiscint faoi oidhrecht Chill Dara, tré feasacht, oideachas agus traenáil, agus maoirseacht ar agus páirtíocht in oidhrecht a spreagadh.

1	Tacú le grúpaí pobail, Líonraí Bailte Slachtmhara agus ENR chun tionscadail pobail-tosaithe a chomhlíonann aidhmeanna an Phlean Oidhreachta a fhorbairt, agus féachaint chun dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le taighde, cur chun cinn agus caomhnú ar oidhrecht Chill Dara. Tionscadail pobail píolótacha a fhorbairt, a bheadh ina eiseamláirí caomhnaithe, agus úsáid á bhaint as profisiúnaigh caomhnaithe i bhfóirne idirdhisciplíneacha.
2	Tacú le tionscnaimh oidhreachta áitiúla tríd an Scéim Deontais Oidhreachta Pobail.
3	Sceim Dhámhachtainí Oidhreachta a fhorbairt chun aitheantas a thabhairt do phobail agus daone aonair a léirigh dea-chleachtas maidir le bainistiú, caomhnú agus taighde ar oidhrecht.
4	Naisc a fhorbairt leis an earnáil ghnó i gCill Dara a fhéachann chuig oidhreachta a chur chun cinn.
5	Líonra de grúpaí oidhreachta agus ENR a fhorbairt sa chontae tríd an Líonra Rannpháirtíochta Pobail (LRP).
6	Dea-chleachtas a chur chun cinn i mbainistiú, caomhnú agus taifead ar reiligí stairiúla agus clár caomhnaithe do reiligí stairiúla a fhorbairt i gcomh-obriú le Coiste Comhairleach Chill Dara um Séadchomharthaí Stairiúla agus grúpaí cothabhála reiligí thar an chontae.
7	Tacú le páirtíocht Bailte Chill Dara i Líonra na mBailte Múrtha nó Líonra na mBailte Stairiúla.
8	Tacú le tionscnaimh náisiúnta mar Plean Uile-Éireann um Pailneorí agus an Plean Náisiúnta Bithéagsúlachta.
9	Tacú le próiseas ainmniúcháin do stádas oidhreachta domhanda do Dún Áilinne, Cill Chuillinn, mar chuid den ainmniúchán srathach “Ionaid Ríoga na hÉireann”. Tá sé ar Liosta Sealadach Oidhreachta Domhanda na hÉireann ag EOECA faoi láthair
10	Suirbhé píolótach BRS a eagrú ar oidhrecht seandálaíochta agus míleata An Churraigh.
11	Oidhrecht geolaíochta Contae Chill Dara a mapáil agus a chur chun cinn.

12	Oibriú i bpáirtíocht le na gníomhaíochtaí/eagraíochtaí cuí, grúpaí deonacha áitiúla agus an pobal chun tuiscint faoi oidhrecht uiscebhealaí i gCill Dara a chosaint agus a chur chun cinn.
13	Naisc a chruthú le úinéirí tithe stairiúla agus na cinn atá ar oscailt don phobal a chur chun cinn mar chuid de Seachtain na hOidhreachta.
14	Tacú le cur chun cinn agus páirtíocht in Eolaíocht Saoránach, a spreagann taifead fiadhúlra agus bithéagsúlachta le seoladh don Ionad Bitheolaíochta Náisiúnta.
15	Tacú le ullmhú Pleananna Gníomhachta Bithéagsúlachta Áitiúla.
16	Tacú le gairdíní bithéagsúlachta a chur chun cinn i scoileanna.
17	Tacú, i gcomh-oibriú le Bord na Móna agus geallsealbhoirí ábhartha eile, le athreimniú/athghuniúint ar portaigh réitithe le haghaidh athchóiriú bithéagsúlachta, stóras carbóin agus laghdú tuilte.
18	Scrúdú a dhéanamh ar crainn éagsúla nó grúpaí crann a ainmniú, a bheadh oiriúnach le haghaidh ordaithe caomhnaithe.
19	Tacú le ainmniú Ceantar Oidhreachta Nádúrtha, agus Ionaid Geolaíochta Tabhachtacha sa chontae, atá molta i gCill Dara.
20	Tacú le ullmhú Measúnachta ar Nádúr an Tírdhreacha agus Tréithrithe Tírdhreacha Stairiúil, agus iad a chomhcheangal i bpleananna ceantair contae/áitiúla.
21	Straitéis Infreastruchtúra Glas a fhorbairt le haghaidh comhcheangal sa chéad Plean Forbartha Contae eile.
22	Páirtíochtaí a fhorbairt idir an Comhairle agus pobail agus grúpaí suime áitiúla, chun tús a chur le clár curtha crann áitiúla faoi Scéim na Coille Seo Againne, i gcomh-oibriú le Rannóg Páirceanna Chill Dara.
23	Clár sócmhainní oidhreachta a fhorbairt, chun cinntiú go ndéanfar bainistiú cuí ar ionaid oidhreachta atá faoi chúram na Comhairle, agus go mbeidh rochtain orthu.
24	Ciste a bhunú le haghaidh cothabháil agus cúram ar socmhainní oidhreachta gur leis an Comhairle iad.
25	Na gníomhartha a bhaineann le oidhrecht atá sa Straitéis glactha Oiriúinithe Aeráide Chomhairle Contae Chill Dara, 2019 a thabhairt chun críche.

Aidhm Straitéiseach 2:

Dea-chleachtas a chur chun cinn i gcaomhnú agus bainistíocht ar acmhainn oidhreachta Contae Chill Dara

26	Cabhrú le grúpaí pobail agus úinéirí/bainisteoirí ionad oidhreachta chun leas a bhaint as maoiniú le haghaidh ionaid oidhreachta a chaomhnú, a bhainistiú agus a chur chun cinn.
27	<i>Clár d'Fhoirgnimh faoi Riosca</i> a chruthú d'fhoirgnimh stairiúla.
28	Dea-chleachtas a chur chun cinn maidir le bainistiú, caomhnú agus taifead ar reiligí stairiúla.
29	Cinntiú go n-iniatar struchtúir sa chontae le tabhacht suntasach maidir le stair, ailtireacht, cultúr, eolaíocht agus teicneolaíocht sa Taifead ar Dhéanmhais Chosanta.
30	Seirbhís chomhairleach inmheánach a eagrú chun treoir a thabhairt maidir le cúram agus cothabháil ar socmhainní stairiúla an údaráis áitiúil.
31	Limistéir Caomhantais Ailtireachta sa chontae a aithint agus Ráitis Caomhantais Ailtireachta dóibh a fhorbairt agus a chur chun cinn.
32	Tuairisc Thascfórsa an Churraigh a uasdháú, agus, le tacaíocht ón Roinn Cosanta, plean caomhnaithe, bainistithe agus léirléimh a ullmhú, chun thabhairt faoi oidhrecht seandálaíochta, cultúrtha, nádúrtha agus tógtha na h-acmhainne suntasacha seo a chur chun cinn.
33	Ceardlanna tógtha scileanna traidisiúnta a eagrú.
34	Treoir a chur ar fáil d'úinéirí ionad oidhreachta maidir le bainistiú agus caomhnú ceart ar na h-ionaid.
35	Naisc a fhorbairt le Oifigí Oidhreachta eile ar chomh-thionscnaimh nó tionscnaimh réigiúnacha tré Thionól Réigiúnach an Oithir agus Lár Tíre (TROLT), lena n-áirítear deiseanna maoinithe ón AE agus tírdhreacha seandálaíochta.
36	Plean Bithéagsúlachta Contae Chill Dara, atá ann faoi láthair, a thabhairt chun críche, agus Plean Bithéagsúlachta nua a dhréachtú.
37	Tacú le pobail agus stair bhéil á bhailiú.
38	Saothar Choiste Comhairleach um Séadchomharthaí Stairiúla Chill Dara a thacú agus a chur chun cinn.

39	Comhairle Contae Chill Dara a bheith ina rannpháirtí leis an Plean Uile-Éireann um Pailneorí tríd an Creatlach do Chomhairlí / Údaráis Áitiúla a shíniú.
40	Cúrsa bainistíochta fála a fhorbairt i gcomnasc le Teagasc, Na Bailte Slachtmhara agus Cumann Fálú na hÉireann.
41	Suirbhé de struchtúir iarnróid thar iar-iarnród an Tulaigh a ullmhú agus scrúdú féidireachta a dhéanamh maidir le iar-iarnród an Tulaigh a fhorbairt mar chian-slí siúil tré Chill Dara, chun oidhreacht iarnróid an chontae a chur chun cinn.
42	Tacú le Coiste Comhairleach na Life a eagrú chun scrúdú féidireachta a dhéanamh ar Siúlóid Gleanna na Life a fhorbairt.
43	Tacú agus cabhrú le forbairt 'Músaem Shackleton', i mBaile Átha Í, Contae Chill Dara.
44	Líonra Oidhreachta Chill Dara a eagrú chun líonrú agus comh-oibriú a éascú ar thionscadail (idir áitiúil agus thar an chontae) ar mhaithe le Oidhreacht Tógtha agus Nádúrtha an Chontae, agus chun tacú le feidhmiú an Phlean Oidhreachta.



Aidhm Straitéiseach 3:

Sonraí agus faisnéis oidhreachta a scaipeadh go fairsing, tabhairt faoi suirbhithhe/taighde agus polasaí oidhreachta a chuireann oidhreachta chun cinn a chur ar an eolas agus a fhorbairt

45	Lár-phointe eolas a chruthú do faisnéis oidhreachta i gCill Dara, i.e Suíomh Gréasáin Oidhreachta Chill Dara, a éascfaidh comh-oibrú i sonraí oidhreachta agus naisc go cnuasaigh sonraí náisiúnta a uaslódáil.
46	Polasaí scaipthe d'fhaisnéis oidhreachta i gCill Dara a fhorbairt.
47	Faisnéis ar oidhreachta Chill Dara a scaipeadh tré teicneolaíocht/meáin nua, mar aipeanna, clos-treoracha, gearrthóga YouTube agus suímhanna líonraithe sóisialta a úsáid
48	Na suirbhithhe/tuairiscí/ foilseacháin/fardail/iniúchtaí agus na torthaí ón bPlean Oidhreachta seo agus ó na Pleananna Oidhreachta roimhe a fhoilsiú.
49	Na suirbhithhe atá ann d'oidhreachta Chill Dara a iniúchadh, agus suirbhithhe a dhéanamh ar oidhreachta neamh-thaifeadta Chill Dara, e.g. droichid, leachtanna allamuigh, carraigeacha Aifrinn, cosáin Aifrinn, tobair agus ballaí beannaithe, caidéal uisce, piaraí, boscaí poist, séadchomharthaí, pleacanna stairiúla etc.
50	Iniúchadh a dhéanamh ar gach struchtúr faoi chosaint, séadchomhartha taifeadta, agus ionaid oidhreachta nádúrtha ainmnithe, atá faoi chúram nó úinéireacht/coimirce Chomhairle Contae Chill Dara. Suirbhithhe baile a dhéanamh ar na struchtúir seo agus straitéiseacha caomhnithe/bainistíochta a fhorbairt dóibh.
51	Staidéar ar ailtireacht dhúchasach i gContae Chill Dara a choimisiniú, chun taifeadadh agus cur síos a dhéanamh ar foirm, ábhair agus suíomh.
52	Tabhacht logainmneacha agus ainmneacha réimsí i gCill Dara a chur chun cinn.
53	Naisc straitéiseacha le institúidí tríú leibhéal a fhorbairt chun taighde agus mapáil ar Oidhreachta Chill Dara a spreagadh.
54	Cartlann de thuiriscí ar struchtúir seandálaíochta agus Struchtúir faoi Chosaint i gCill Dara a eagrú agus a choimeád.
55	Measúnú a dhéanamh an an rochtain atá ann faoi láthair ar Séadchomharthaí Náisiúnta agus séadchomharthaí seandálaíochta in úinéireacht poiblí sa chontae, agus, de réir mar is féidir, páirtíochtaí a spreagadh chun rochtain bainistithe cuí a chur ar fáil chuig, agus ábhar promóisin a thaighid agus a fhorbairt do, na suíomhanna seo.
56	Iniúchadh a dhéanamh ar threochomharthaíocht do phríomh-ionaid oidhreachta sa chontae go bhfuil suntasacht seandálaíochta, geolaíochta nó oidhreachta nádúrtha ag baint leo, agus iarrachtaí a dhéanamh chun treochomharthaíocht a fheabhsú. Scrúdú a dhéanamh ar “chaighdeánú deartha” do chomharthaíocht oidhreachta sa chontae.

57	Teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach Turasóireachta agus le rannpháirtithe ábhartha eile chun forbairt agus scaipeadh ábhair promóisin do súiomhanna le rochtain poiblí orthu sa chontae a chur chun cinn.
58	Cúrsaí traenála do bhaill foirne agus baill tofa na n-údarás áitiúil maidir le ghnéithe de bainistíocht ar Oidhreachta Chill Dara a fhorbairt agus a chur ar fáil, i gcomhchomhairle le eagraíochtaí stáit.
59	Straitéis oideachais oidhreachta a fhorbairt do gach gné d'oidhreachta do grúpaí pobail agus ghnó.
60	Iniúchadh a dhéanamh ar cláir oideachais oidhreachta atá ar fáil faoi láthair i mbunscoileanna agus meánscoileanna, i gcomhchomhairle le Ionad Oideachais Chill Dara, chun bearnaí agus deiseanna le haghaidh clár oideachais oidhreachta feabhsaithe sa chontae a aithint.
61	Seimineár bliaintiúil/débhliaintiúil chun uasdhátú a dhéanamh ar fheidhmiú an Phlean Oidhreachta a eagrú.
62	Straitéis cumarsáide agus promóisin d'oidhreachta Chill Dara a fhorbairt chun na struchtúir reatha sa chontae, mar meáin áitiúla agus líonraí pobail agus ghnó, a uasmhéadú.
63	Athbhreithniú a dhéanamh ar an polasaí maidir le eastáit nua i gCill Dara a ainmniú, chun oidhreachta cultúrtha an chontae a léiriú i gceart.
64	Slite nuálacha a fhorbairt chun oidhreachta Chill Dara a chur chun cinn agus a léirmhíniú, tré eispéiris, imeachtaí agus ceardlanna breise gníomhacha agus idirghníomhacha, chun pobail nua a spreagadh chun dul i ngleic le cúrsaí oidhreachta.
65	Gnáthóga a mapáil chun cabhrú le Ionaid Bithéagsúlachta Áitiúla Tabhachtacha a aithint, agus na torthaí a chomhcheangal sa Phlean Forbartha Contae agus i bpleananna ceantair áitiúla.
66	Tacú le forbairt inbhuanaithe ar fhéarbhealaigh agus ghormbhealaigh, a fhéachann chun tacú le oidhreachta nádúrtha i ndearadh a chosaint. Tacú le rianta téama oidhreachta sa chontae a fhorbairt, e.g. geolaíocht, oidhreachta nádúrtha, eaglasta, oilthrigh, naoimh agus scoláirí, sean-trádbhealaigh, bealaigh canála, tithe mór agus gairdíní, oidhreachta eachaí, oidhreachta míleata, ailtireacht dúchasach, flora agus fána, reiligi, portaigh agus sean-bhóithre.
67	Iniúchadh a dhéanamh ar ionaid oidhreachta nádúrtha gur le Comhairle Chill Dara iad, agus straitéis caomhnaithe/bainistíochta a fhorbairt so na súiomhanna seo.
68	Scrúdú féidireachta a dhéanamh ar Siúlóid Gleanna na Life sa chontae, chun forbairt inbhuanaithe ar slite nua siúil, rothaíochta agus bithéagsúlachta tar Abhainn na Life a chur chun cinn agus a thacú.
69	Tacú le cláir oidhreachta nádúrtha, mar Clár na Scoileann Glasa ag An Taisce agus an Clár Oidhreachta sna Scoileanna.

70	Tacú le feasacht ar oidhrecht míleata Chill Dara.
71	Bunachar sonraí CFG Oidhreachta a fhorbairt tré iniúchtha oidhreachta sa chontae a bhailiú agus a léiriú, i bpairtíocht le foireann CFG Chomhairle Contae Chill Dara.
72	Clár bliaintiúil feasachta oidhreachta a fhorbairt, lena n-áirítear seimineáir, siúlóidí, taispeántais agus ceardlanna, agus méadú a dhéanamh ar pháirtíocht in imeachtaí bliaintiúla cultúrtha mar Seachtain na Bithéagsúlachta, Seachtaine na hOidhreachta agus Oíche an Chultúir.
73	Cartlann fótagrafach a fhorbairt i bpairtíocht le Seirbhís Leabharlainne Chill Dara, agus feachtas bolscaireachta a fhorbairt, chun sean-ghrianghraif agus faisnéis oidhreachta eile a bhailiú ar iasacht ó dhaoine thar an chontae.
74	Measúnú a dhéanamh ar an leibhéal feasachta oidhreachta atá sa chontae.
75	Dícheall a dhéanamh chun cinntiú go gcomhcheanglófar aidhmeanna an Phlean Oidhreachta i bpleananna reachtúla.

Aidhm Straitéiseach 4:

Oidhrecht a chur chun cinn mar acmhainn a ghlacann páirt i gcuidheán na beatha agus i forbairt cultúrtha agus eacnamaíoch i gContae Chill Dara

76	Branda Oidhreachta Chill Dara a fhorbairt i bpairtíocht le Fáilte Contae Chill Dara.
77	Measúnú a dhéanamh ar luach na h-oidhreachta don chontae (eacnamaíoch, oideachais, timpeallachta, cultúrtha, caighdeán na beatha agus ionchur do omós áite). Na torthaí a úsáid chun tacaíocht breise d'infheistiú agus tacaíocht don oidhrecht a mholadh.

Aidhmeanna fadtéarmacha:

Tá na h-aidhmeanna seo taobh amuigh de scóip an Phlean Oidhreachta seo.

78	Scrúdú féidireachta a dhéanamh ar Músaem Contae, lena n-áirítear músaem fíorúil (ar-líne).
79	Scrúdú féidireachta a dhéanamh ar stór a eagrú do dhéantúsáin Chill Dara, e.g. leabhair miontuairiscí, doiciméid, taifid, grianghraif etc., agus polasaí bailiúcháin don chartlann a fhorbairt..
80	Iarratas a dhéanamh go bhfoilseofar Fardal Seandálaíochta Contae Chill Dara.
81	Athbhreithniú a dhéanamh ar acmhainní foirne na Rannóige Oidhreachta, i gcomhthéacs an Phlean Oidhreachta, riachtanais an Rialtais agus na Comhairle Oidhreachta, agus ról na h-oidhreachta i bpolasaithe agus clár na Comhairle, d'fhonn na h-acmhainní seo a mhéadú chun soláthar aidhmeanna an Phlean Oidhreachta agus tionscadail náisiúnta agus réigiúnacha a éascú.



Aguisín I

Ballraíocht Fóraim Oidhreachta Contae Chill Dara

Léirítear thíos na h-eagraíochtaí go bhfuil ionadaíocht acu faoi lathair ar Fóram Oidhreachta Chill Dara, mar aon le na h-ionadaithe aonair i 2013. Cé go bhfuil na h-eagraíochtaí sa Fóram go formhór mar a bhíodh, tá athraithe ar na h-ionadaí aonair ó am go h-am. Ba mhaith le baill an Fhórait atá ann faoi láthair ionchur ball uilig Fóraim Oidhreachta Chill Dara roimhe seo i bpróiseas an Phlean Oidhreachta a aithint.



Ionadaithe i 2013

Rinneadh ath-chóiriú ar Fóram Oidhreachta Contae Chill Dara i mí Eanáir 2019.

Ainm	Eagraíocht
An Cllr Carmel Kelly An Cllr Teresa Murray An Clr Ivan Keatley Nicola Matthews	Ionadaí Tofa, Comhairle Contae Chill Dara Ionadaí Tofa, Comhairle Contae Chill Dara Ionadaí Tofa, Comhairle Contae Chill Dara Comhairleoir Oidhreachta Seandálaíochta, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Chris Corlette	Seirbhís na Séadchomharthaí Náisiúnta, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
Eileen Canny	An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta
An Dr. Mark McCorry Dylan Mullhall Roisín O'Callaghan Fiona Doolan Maeve Howe Tom McCutcheon Neil Bourke Le Chinntiú Brian McCabe Pat Byrne Pat Pender David Jordan Peter Black Mario Corrigan Noel Dunne Bridget Loughlin	Bord na Móna Coillte Iascaigh Intíre Éireann Teagasc Páirtíocht LEADER Contae Chill Dara Fáilte Contae Chill Dara Brainse Chill Dara, Cairde Éanlaith Éireann FAÉ Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chill Dara Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chill Dara Líonra Rannpháirtíochta Pobail Chill Dara Pleanálaí, Comhairle Contae Chill Dara Oifigeach Caomhnaithe, Comhairle Contae Chill Dara Seirbhís na Leabharlainne, Comhairle Contae Chill Dara Seandálaí ÚBN, Oifig um Dhearadh Bóithre Náisiúnta Oifigeach Oidhreachta, Comhairle Contae Chill Dara

Ionadaithe i 2013

Brian Beckett	Iascaigh Intíre Éireann
Edward Loughlin	Teagasc
An Dr. Mark McCorry	Bord na Móna
Bill Murren	An tSeirbhís Foraoiseachta
Deirdre Moran	Brainse Chill Dara, Cairde Éanlaith Éireann
Tadhg O'Corcora	CCPÉ
Billy Padden	Pleanálaí, CCCD
An Dr. John Sweeney	AÉATA (Stiúrthóir)
Roy Thompson	An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
Simon Wallace	Stiúrthóir Páirceanna Feidhmeannach Sinsireach, CCCD
Mary Watters	FAÉ
Tara Ryan	Coillte
An Clr Micheál Nolan	Ionadaí Tofa, CCCD
Peter Black	Oifigeach Caomhnaithe, Comhairle Contae Chill Dara
Noel Dunne	Seandálaí ÚBN, ODBN
Carol Smyth	Pleanálaí, CCCD
Hugh Crawford	Cumann Seandálaíochta Contae Chill Dara
Letitia Hanratty	Ailtire, CCCD
Marc Ritchie	Comhairleoir Oidhreachta Seandálaíochta, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
An Clr Seamie Moore	Ionadaí Tofa, CCCD
An Clr Francis Browne	Ionadaí Tofa, CCCD
Dr Terence Dooley	Fáilte Chill Dara
Mario Corrigan	Seirbhís Leabharlainne
Dolores Hamill	Ionad Oideachais Chill Dara
John Hayes	Teach Bhaile an Chaisleáin
Brian McCabe	Cónaidhm Grúpaí Staire Áitiúla Chill Dara
Tony McEvoy	Fóram Pobail agus Deonach
Lucina Russell	Oifigeach Ealaíon, CCCD
Ger Smith	Páirtíocht LEADER Chill Dara
Bridget Loughlin	Oifigeach Oidhreachta, CCCD

Ballraíocht Grúpa Oibre Oidhreachta Nádúrtha, 2013

Brian Beckett	Iascaigh Intíre Éireann
Edward Loughlin	Teagasc
An Dr. Mark McCorry	Bord na Móna
Bill Murren	An tSeirbhís Foraoiseachta
Deirdre Moran	Brainse Chill Dara, Cairde Éanlaith Éireann
Tadhg O'Corcora	CCPÉ
Billy Padden	Pleanálaí, CCCD
An Dr. John Sweeney	AÉATA (Stiúrthóir)
Roy Thompson	An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra
Simon Wallace	Stiúrthóir Páirceanna Feidhmeannach Sinsireach, CCCD
Mary Watters	FAÉ
Tara Ryan	Coillte
An Clr Micheál Nolan	Ionadaí Tofa, CCCD
Bridget Loughlin	Oifigeach Oidhreachta, CCCD


Ballraíocht Grúpa Oibre Oidhreachta Tógtha, 2013

Peter Black	Oifigeach Caomhnaithe, Comhairle Contae Chill Dara
Noel Dunne	Seandálaí ÚBN, ODBN
Carol Smyth	Pleanálaí, CCCD
Hugh Crawford	Cumann Seandálaíochta Contae Chill Dara
Letitia Hanratty	Ailtire, CCCD
Marc Ritchie	Comhairleoir Oidhreachta Seandálaíochta, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta
An Clr Seamie Moore	Ionadaí Tofa, CCCD
Bridget Loughlin	Oifigeach Oidhreachta, CCCD

Ballraíocht Grúpa Oibre Pobail agus Cultúrtha, 2013

An Clr Francis Browne
Dr Terence Dooley
Mario Corrigan
Dolores Hamill
John Hayes
Brian McCabe
Tony McEvoy
Lucina Russell
Ger Smith
Bridget Loughlin

Ionadaí Tofa, CCCD
Fáilte Chill Dara
Seitbhís Leabharlainne
Ionad Oideachais Chill Dara
Teach Bhaile an Chaisleáin
Cónaidhm Grúpaí Staire Áitiúla Chill Dara
Fóram Pobail agus Deonach
Oifigeach Ealaíon, CCCD
Páirtíocht LEADER Chill Dara
Oifigeach Oidhreachta, CCCD



Aguisín II

Próiseas Forbartha an Phlean Oidhreachta

Measúnú ar an Plean Oidhreachta roimhe 2005-2018	2012
Athnuachan ar Fóram Oidhreachta Contae Chill Dara	2012
Léiriú do Chomhairle Contae Chill Dara agus aontú le tús a chur leis an Plean Oidhreachta a ullmhú	Eanair 2013
Grúpaí oibre agus Fóram a eagrú chun tús a chur le Plean a ullmhú	Márta 2013
Doiciméad faisnéise agus ceistiúchán ag fáiltiú roimh aigheachtaí a ullmhú	Eanair go Márta 2013
An rún chun Plean Oidhreachta Contae a ullmhú a fhógrú, agus fáiltiú roimh aigheachtaí ón bpobal	Márta go hAibreán 2013
Bailíodh aigheachtaí ón phobal agus ón gceardlann le proifisiúnaigh oidhreachta le chéile i dtuarascáil aigheachtaí. Athníodh na téamaí leathan. Phlé na grúpaí oibre na h-aigheachtaí a bhain lena réimsí oibre agus foirmlíodh gníomharthaí chun deileáil le na téamaí a aithníodh. Ansin bailíodh na gníomhartha go léir le cheile sa Dréacht-Phlean Oidhreachta 2019-2025	Aibreán 2013 go 2018
Rinneadh ath-chóiriú ar Fóram Oidhreachta Contae Chill Dara	Nollaig 2018 - Eanair 2019
D'aontaigh an Fóram Oidhreachta leis an Dréacht-Phlean Oidhreachta 2019-2015	14ú Feabhra 2019
Cuireadh an Dréacht-Phlean Oidhreachta 2019-2025 faoi bhráid na CBS um Pobail, Cultúr agus Forbairt Eacnamaíoch agus um Pleanáil agus Forbairt Straitéiseach.	15ú Feabhra 2019
Cuireadh an Dréacht-Phlean Oidhreachta 2019-2025 faoi bhráid Chomhairle Contae Chill Dara	21ú Feabhra 2019
Comhairliúchán Poiblí	25ú Feabhra go 3ú Aibreán 2019
Cuireadh torthaí an comhairliúcháin poiblí ós comhair an Fóram Oidhreachta. Dréacht-Thuirisc ar na leasaithe molta ó Fóram Oidhreachta Contae Chill Dara don Dréacht-Phlean Oidhreachta 2019-2025	23ú Aibreán 2019
Tugadh tuairisc ar na leasaithe molta ó Fóram Oidhreachta Contae Chill Dara don Dréacht-Phlean Oidhreachta 2019-2025 do Chomhairle Contae Chill Dara. Glacadh leis na moltaí agus le Plean Deiridh Oidhreachta Contae Chill Dara	13ú Bealtaine 2019



Aguisín III

Aighneachtaí a fuarthas ar an Plean Oidhreacha roimh dréachtú

Fuarthas iomlán de 46 aighneacht. Athníodh roinnt téamaí agus ceisteanna leathan, mar a luaitear thíos:

- Plean Oidhreachta a chur i bhfeidhm
- Rochtain ar oidhreacht
- Ábhar léirimhíniúcháin / promóisin a chruthú
- Easpa ábhair agus tuairiscí oidhreachta a scaipeadh
- Feachtas a mhéadú agus cur chun cinn a dhéanamh ar gach gné den oidhreacht
- Taighde agus forbairt a dhéanamh ar rianta téama / cúrsaí siúil oidhreachta
- Leasanna oidhreachta, agus leas eacnamíoch san áireamh, a chur chun cinn
- An riachtanas atá ann d'oidreachas in oidhreacht
- Ionchur oidhreachta i dturasóireacht
- Feabhas a chur ar chomharthaíocht oidhreachta agus ar chomharthaíocht ag ionaid oidhreachta
- Sonraí a bhailiú / obair suirbhíthe a chur i gcrích
- Oidhreacht agus pleanáil
- Seimineáir / imeachtaí / faisnéis oidhreachta breise a eagrú
- Dea-chleachtas do bhainistíocht oidhreachta a chur chun cinn
- Bainistiú, caomhnú agus cur chun cinn a dhéanamh ar An Currach
- Coiste Comhairleach um Séadchomharthaí Stairiúla
- Tionscadail Oidhreachta Pobail
- Róil i mbainistíocht oidhreachta a aithint
- Logainmneacha
- Stair cineamatach an chontae
- Clár na bhFoirngnimh Faoi Riosca
- Cartlanna
- An Ghaeilge
- Tírdhreach Chill Dara a chosaint
- Éicea-siombail/lipéid/siombail cailíochta
- Fóram Áitiúil Chill Dara um Gníomhartha Timpeallachta
- Tacú le músaeim agus ionaid oidhreachta sa chontae
- Dul ar aghaidh téamach maidir le taifead béil

Aguisín IV

Gaiscí roghnaithe ón bPlean Oidhreachta 2005-2018

Aidhm 1:

Faisnéis Oidhreachta a Bhailiú agus a Scaipeadh

- Fardal d'ábhair a bhaineann le Chill Dara i mbailiúcháin Náisiúnta ullmhaithe (2006)
- Suirbhé ar Oidhreacht Tionsclaíoch Contae Chill Dara (2007)
- Fardal d'oidhreacht nádúrtha sa chontae ullmhaithe (2006)
- Iniúchadh ar bhealaigh siúil gCill Dara (2005)
- Suirbhé ar Oidhreacht Geolaíoch Chill Dara (2005)
- Fardal de pháipéir eolaíoch a bhaineann le geolaíocht / geomoirfeolaíochta chontae ullmhaithe (2005)
- Taifead déanta ar inscríbhinní ar 25 reilig áitiúla
- Suirbhé ar teachíní ceann tuí (2005)
- Forbraíodh Pleananna Gníomhartha do Bhailte Slachtmhara
- Plean Chaomhnaithe do Bhallaí Ard-Eaglais Chill Dara (2006)
- Rinneadh suirbhíthe ar ghnáthóga agus mapáil i mbailte agus sráidbhailte i gCill Dara (2006-2018)
- Suirbhé ar fáil sceach i gContae Chill Dara (2006)
- Bunachar sonraí ar reiligí stairiúla i gContae Chill Dara (2008)
- Traenáil ar thaifead béil
- Measúnú ar Thírdhreach Bhaile Chill Dara (2010)
- Iniúchadh ar Fhoinsí Teirmeacha Chill Dara (2009)
- Suirbhé ar Bhogaigh Contae Chill Dara (2012-2014)
- Iniúchadh ar Chuimhneacháin agus Placeanna (2016-2018)
- Suirbhíthe ar speicis ionracha (2008, 2014)
- Iniúchadh ar ionad agus scéalta na Life (2016-2018)
- Suirbhé ar tobair i gContae Chill Dara (2008)

Aidhm 2:

Feasacht, Tuiscint agus Ómós don Oidhreacht i measc an phobail a mhéadú

- Clár Bliaintiúil Seachtaine Oidhreachta
- Clár Bliaintiúil Seachtaine Bithéagsúlachta
- Tacú le grúpaí pobail áitiúla chun imeachtaí a eagrú do Seachtain na hOidhreachta
- Foilsíodh *Thatched Cottages of County Kildare* (2007)
- Raon d'fhógraí ar raidió – Bithéagsúlacht Contae Chill Dara (2009)
- Táirgeadh Féilire Oidhreachta Bliaintiúil (2006-2008)

Foilsíocháin:

- Kildare Natural Heritage (2007)
- *Reusing Farm Buildings- a Kildare Perspective* (2008)
- Foilsíodh fardal d'fhoinsí seandálaíochta Chill Dara (2007)
- Foilsíodh *Kildare Hedgerows* (2009)
- *Colour with Rua* - Leabhar dathúcháin oidhreachta do pháistí (2015)
- Treoracha Bithéagsúlachta d'Fhorbraitheoirí (2006)

Tiomsaíodh clos-treoracha deartha Chill Dara:

- Baile Chill Dara (2013)
- Rian Manachúil Chill Dara (2014)
- Baile Chill Droichid (2014)
- Scéal an Churraigh (2016)
- Rian Oidhreachta Contae Chill Dara (2015)
- Taispeántas de thithe ceann tuí Chill Dara (2015)
- Ceardlanna Bithéagsúlachta (2007 & 2008)
- Traenáil le haghaidh taifead agus mapáil i reiligi do ghrúpaí pobail
- Seimineár faoi Oidhreacht An Churraigh (2008)
- Uiscebhealaí Uibh Fháil agus Chill Dara – Tionscadal Oldeachais Canála
- Tráthhnóna eolais faoin Plean Uile-Éireann um Pailneoirí (2017)
- Scéim Deontais Oidhreachta Pobail (2010-2018)
- Tacú le *The River Liffey History and Heritage* (2018) le Christopher Moriarty
- *Blooming Bees*: Beochan den Phlean um Pailneoirí (2017)
- Seimineár Ealaíon agus Oidhreachta (2018)

Aidhm 3:

Dea-Chleachtas a chur chun cinn in Oidhreacht a Chaomhnú agus a Bhainistiú

- Deireadh Seachtaine Scileanna Tógála Traidisiúnta (2010)
- Tionscadal Éanlaith sa Chlós Scoile (2005-2011)
- Nótaí comhairle maidir le bithéagsúlacht do bhaill foirne údaráis áitiúla (2005)
- Pleananna le haghaidh Caomhnú, Bainistíocht agus Léirléamh:
 - Ballaí Bhaile Dhíseart Diarmada (2012)
 - Ballaí Bhaile Chill Dara (2014)
 - Ballaí Bhaile Átha Í (2016)
- Cuireadh traenáil maidir le oidhreacht agus bithéagsúlacht ar fail do bhaill foirne údaráis áitiúil
- Cúrsaí maidir le cúram agus caomhnú reiligí
- Cúrsaí traenala le haghaidh suirbhé ialtóg
- Nóta comhairle faoin bpróiseas Oidhreachta i bPleanáil
- Comhairle leanunach do ghrúpaí pobail agus don phobal
- Ullmhaíodh 10 Plean Caomhnaithe Reilige
- Plean Gníomhartha Bithéagsúlachta Mhaigh Nuad (2016)
- Músaem a reáchtáil ar phingíní (2006)

Aidhm 4:

Faisnéis a chur ar fáil do pholasaithe agus comhairle a thabhairt do údaráis áitiúla Chill Dara

- Eagraíodh trí Ceantar Caomhnaithe Ailtireachta (2011, 2018): Baile Chill Dara, Baile Átha Í agus An Nás
- Ullmhaíodh Plean Bithéagsúlachta Contae Chill Dara (2014)
- Ráiteas Tabhachtach Caomhnithe Ailtireachta Bhaile Chill Dara (2011)
- Staidéar ar tithe feirme Chill Dara (2006)

Aguisín V

Reactaíocht Oidhreachta Ábhartha

Reactaíocht Náisiunta agus ón AE

Oidhreacht agus Pleanáil

- Achtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 - 2018
- Achtanna Oidhreachta 1995 agus 2018
- Treoracha Measúnachta Tionchair Timpeallachta (MTT) (Treoir Chomhairle 85/337/EEC) 1995 agus (Treoir Chomhairle 14/52EU) 2014
- Treoir Measúnachta Straiteiseach Timpeallachta (MTT) (Treoir Chomhairle 2001/42/EC)

Oidhreacht Seandálaíochta

- Achtanna na Séadchomharthaí Náisiúnta 1930 - 2004
- An tAcht um Institúidí Cultúrtha Náisiúnta 1997

Oidhreacht Ailtireachta

- Achtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 - 2018
- An tAcht um Oidhreacht Ailtireachta (Fardal Náisiúnta) agus Séadchomharthaí (Forálacha Ilchineálacha) 1999

Tírdhreacha

- Achtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 - 2018

Músaeim agus Cartlanna

- An tAcht um Institúidí Cultúrtha Náisiúnta 1997
- An tAcht Rialtais Áitiúil 2001
- An tAcht um Chartlann Náisiúnta 1988
- An tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997
- An tAcht um Chomhionannas Fostaíochta 1998
- An tAcht um Ríomhthráchtail 1999
- An tAcht um Sláinte agus Sábháilteacht 1989
- ISO 15489 2001

Oidhreacht Nadúrtha

- An tAcht um Fhiadhúlra 1976
- An tAcht um Fhiadhúlra (Leasú) 2000
- An tAcht lascaigh (Comhdhlúthú) Act 1959
- An tAcht lascaigh (Leasú) 1999
- Treoir Éanlaith (Treoir Chomhairle 74/409/EEC) 1979
- Treoir Gnáthóga (Treoir Chomhairle 92/43/EEC) 1992
- Treoir Creatlaigh Uisce (Treoir Chomhairle 2000/60/EC) 2000
- Treoir Éisc Fionnuisce (Treoir Chomhairle 78/659/EC) 1978

Coinbhinsiún agus Comhaontaithe Idirnáisiúnta sínithe agus daingnithe ag Éire

Seandálaíocht

- Coinbhinsiún na hEorpa ar Oidhreacht Seandálaíochta a Chosaint (Coinbhinsiún Valletta) 1997

Ailtireacht

- Coinbhinsiún na hEorpa ar Oidhreacht Ailtireachta na hEorpa a Chosaint (Coinbhinsiún Granada) 1997

Oidhreacht Cultúrtha agus Nádúrtha

- Coinbhinsiún EOCNA um Oidhreacht Cultúrtha agus Nádúrtha an Domhan a Chosaint (Daingnithe 1992)

Oidhreacht Náisiúnta

- Coinbhinsiún ar Éagsúlacht Bitheolaíochta 1992 (Daingnithe 1996)
- Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa 2000
- Coinbhinsiún ar Fhiadhúlra na hEorpa agus Gnáthóga Nádúrtha a Chaomhnú (Coinbhinsiún Berne) 1979 (Daingnithe 1982)
- Coinbhinsiún ar Speicis Imirceacha d'Ainmhithe Fiáine a Chaomhnú (Coinbhinsiún Bonn) 1979 (Daingnithe 1983)
- Coinbhinsiún ar Bhogaigh faoi Thabhacht Idirnáisiúnta (Coinbhinsiún Ramsar) 1971 (Daingnithe 1984)
- Coinbhinsiún ar Thráchtáil Idirnáisiúnta i Speicis faoi Chontúirt 1973

Tírdhreach

- Coinbhinsiún Tírdhreacha na hEorpa 2000 (Daingnithe 2002)